# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*




# *Scéim Mharcála agus Freagraí Samplacha*

**(Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sin)**

# CEIST A-1

**MARCANNA**

**(a) An Uillinn Dhéhéidreach** ***(12)***

(i) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe **'bc'** .......... **2**

(ii) Teilgin ingearach le $X_1Y_1$ .......... **1**

(iii) Plánaí **'abc'** agus **'bcd'** a tharraingt sa 1ú chló cúnta .......... **3**

(iv) $X_2Y_2$ ingearach leis an líne thrasnaithe .......... **1**

(v) Teilgin ingearach le $X_2Y_2$ .......... **1**

(vi) Suíomh na bpointí ar phlánaí **'abc'** agus **'bcd'** sa 2ú cló cúnta .......... **3**

(vii) An uillinn dhéhéidreach riachtanach a aimsiú .......... **1**

**(b) L.C. ar an 'cdp' dromchla a aimsiú agus claonadh le V.P.** ***(8)***

(viii) Líne Chothrománach riachtanach san ingearchló a tharraingt .......... **1**

(ix) Líne Chothrománach riachtanach sa bhonnchló a tharraingt .......... **2**

(x) An uillinn riachtanach sa bhonnchló a aimsiú agus a chur in iúl … (1,4) .......... **5**

***Iomlán = 20***

# CEIST A-2

**MARCANNA**

**(a) Suíomh na Rinne agus pointí breise** ***(16)***

(i) Suíomh na rinne .......... **3**

(ii) Suíomh na 3 phointe lasmuigh den Latus Rectum .......... **6**

(iii) Suíomh an 2 phointe laistigh den Latus Rectum .......... **4**

(iv) Cuar a tharraingt …. (ceann ar bith = 1) .......... **3**

**(b) Ciorcal Tadhlaíoch** ***(4)***

(v) An ghnáthlíne ingearach a tharraingt chuig an líne éalárnachta ag **P** .......... **1**

(vi) An uillinn idir an líne éalárnachta agus an treoirlíne a tharraingt chun an lár a aimsiú .......... **1**

(vii) An ciorcal riachtanach a tharraingt .......... **2**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-3

**MARCANNA**

**(a) Teilgin a chríochnú *(16)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Suíomh na bpointí idirthreá ar TLC | 3 |
| (ii) | An t-ingearchló a chríochnú ar TLC, sonra ceilte san áireamh | 3 |
| (iii) | Suíomh na bpointí idirthreá uachtair agus íochtair ar TLD | 3 |
| (iv) | Modh cuí a úsáid le pointí 'trasnaithe' a aimsiú | 2 |
| (v) | Suíomh an dá phointe trasnaithe riachtanach | 2 |
| (vi) | An bonnchló ar TLD a chríochnú, sonra ceilte san áireamh | 3 |

**(b) Fíorchruth an triantáin 'abc' a tharraingt *(4)***

| | | |
|---|---|---|
| (vii) | An modh cuí a úsáid chun an fíorchruth a aimsiú | 1 |
| (viii) | An Fíorchruth riachtanach a tharraingt | 3 |

***Iomlán = 20***

## CEIST A-4

**MARCANNA**

**(a) Teilgean Peirspictíochta na Páirc Peile *(17)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Peirspictíocht na taobhlíne ar thaobh na láimhe clé | 5 |
| (ii) | Teilgean Peirspictíochta na línte 20m agus 13m | 6 |
| (iii) | Teilgean Peirspictíochta de 'dhronuilleog' mhór | 3 |
| (iv) | Teilgean Peirspictíochta de 'chearnóg/dhronuilleog' bheag | 3 |

**(b) Airde an Chuaille *(3)***

| | | |
|---|---|---|
| (v) | Uachtar an chuaille a shíneadh chuig PP agus GL | 1 |
| (vi) | An airde riachtanach a thógáil agus a bhunú | 2 |

***Iomlán = 20***

# CEIST B-1

**MARCANNA**

**(a) Aiseanna aismhéadracha agus an triantán comhchosach *(8)***

(i) Na haiseanna aismhéadracha X, Y agus Z a tharraingt sa treoshuíomh mar a thaispeántar .................... **3**

(ii) An triantán comhchosach ‘abc’ riachtanach a tharraingt .................... **5**

**(b) An Bonnchló agus an tIngearchló mar a thaispeántar *(12)***

(iii) Plána XZ a fhorbairt i gceart sa treoshuíomh riachtanach .................... **3**

(iv) An bonnchló a tharraingt mar a thugtar .................... **3**

(v) Plána XY a fhorbairt i gceart sa treoshuíomh riachtanach .................... **3**

(vi) An t-ingearchló a tharraingt mar a thugtar .................... **3**

**(c) An teilgean aismhéadrach a chríochnú mar a thugtar *(4)***

(vii) Teilgin ón ingearchló agus ón mbonnchló .................... **1**

(viii) An teilgean aismhéadrach a thugtar a tharraingt (mar a léirítear).................... **3**

**(d) An teilgean aismhéadrach a chríochnú *(21)***

(ix) 4 dhromchla dhronuilleogacha cheartingearacha eile a bhunú ... (4 x 1) .................... **4**

(x) 4 líne cheangail chlaonta ar TLD den phacáiste a tharraingt i dteilgean acsóin .................... **2**

(xi) An lárphointe foircneach ar TLC ar theilgean acsóin a bhunú .................... **5**

(xii) Lár an teilgin acsóin a chríochnú .................... **7**

(xiii) An dromchla uachtair a chríochnú (3 líne) .................... **3**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-2

**MARCANNA**

(a) **An t-ingearchló mar a thugtar *(16)***

(i) Imlíne dhronuilleogach riachtanach don chuar **ABC** a bhunú................................ **3**

(ii) Tógáil chun pointí ar an bparabóil **ABC** san ingearchló a aimsiú ......................... **7**

(iii) Cuar a tharraingt ... (Ceann ar bith = 1) ............................................................... **3**

(iv) 'Cáblaí teannais' ceartingearacha .......................................................................... **3**

**(b) An bonnchló a thugtar a tharraingt *(24)***

(v) An imlíne dhronuilleogach riachtanach don chuar **DEF** a bhunú........................... **2**

(vi) Tógáil le pointí ar an leath uachtair den hipearbóil ar an taobh clé a aimsiú.......... **4**

(vii) Scáthánú go dtí an leath íochtair .............................................................................. **2**

(viii) Cuar a tharraingt ... (Ceann ar bith = 1) ............................................................... **3**

(ix) Scáthánú cuair ar TLD ............................................................................................ **2**

(x) Cuar a tharraingt ….................................................................................................... **1**

(xi) Bóthar láir a tharraingt (mionsonra ceilte san áireamh).......................................... **3**

(xii) An Líne GH agus trí líne chomhfhreagracha a tharraingt ...................................... **3**

(xiii) Tógáil le láir a bhunú do stuanna ........................................................................... **2**

(xiv) Na stuanna a tharraingt agus an bonnchló a chríochnú .......................................... **2**

**(c) Tadhlaí don Pharabóil *(5)***

(xv) Fócas a aimsiú .......................................................................................................... **1**

(xvi) Tógáil le tadhlaí a aimsiú......................................................................................... **2**

(xvii) An tadhlaí riachtanach a tharraingt ........................................................................ **2**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló na bplánaí trasnacha *(12)***

(i) Comhordanáidí phlánaí A agus B sa bhonnchló a bhunú ...................................... **2**

(ii) Bonnchló na bplánaí trasnacha .................................................................. **5**

(iii) Ingearchló na bplánaí trasnacha ................................................................ **5**

**(b) Uillinn Dhéhéidreach *(16)***

(iv) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe ...................................................... **3**

(v) Teilgean na bplánaí agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua ...................................... **3**

(vi) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne thrasnaithe .......................................................... **5**

(vii) Teilgean na bplánaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl .................. **5**

**(c) Claonadh dhromchla A le HP *(6)***

(viii) Teilgean phlána **A** ar $X_1Y_1$ mar a thugtar ............................................................ **2**

(ix) Claonadh dhromchla **A** le HP a aimsiú agus a léiriú ............................................ **4**

**(d) Pointí trasnaithe leis an líne PQ *(11)***

(x) Teilgin na líne **PQ** a tharraingt .................................................................. **3**

(xi) Tógáil chun pointí idirthreá a bhunú........................................................................ **8**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-1

**MARCANNA**

**(a) Oibreacha talún ar an gcuid chuartha den rian *(30)***

***Oibreacha talún ar an gcuid chuartha idir A agus B (Leibhéalta) - Claífort***

(i) Stuanna comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile........................................ **4**

(ii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuair a tharraingt ................. **3**

***Oibreacha talún ar an gcuid chuartha idir A agus B (Leibhéalta) - Gearradh***

(iii) Stuanna comhthreomhara a tharraingt 5mm óna chéile.......................................... **4**

(iv) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuair a tharraingt ................. **3**

***Oibreacha talún idir G agus F (Leibhéalta) - Claífort***

(v) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ............................................ **4**

(vi) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuar a tharraingt .................. **3**

***Oibreacha talún ar an taobh theas idir B agus C (claífort ag ardú)***

(vii) Stua riachtanach 10mm a tharraingt ag **C** agus tadhall a tharraingt ...................... **2**

(viii) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ............................................ **2**

(ix) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuar a tharraingt .................. **2**

***Oibreacha talún ar an taobh thuaidh idir F agus E (claífort ag ardú)***

(x) Stua riachtanach 10mm a tharraingt ag **E** agus tadhall a tharraingt ...................... **1**

(xi) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ............................................ **1**

(xii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuar a tharraingt .................. **1**

**(b) Claonas an strataim, airde P agus fíoruillinn riachtanach *(15)***

(xiii) Teilgin ingearach le $X_1Y_1$ ........................................................................... **2**

(xiv) Pointí **Q** agus **R** a aimsiú sa chló cúnta ................................................... **2**

(xv) Uillinn chlaonais riachtanach a bhunú.................................................................. **3**

(xvi) Airde phointe **P** a aimsiú ................................................................................ **3**

(xvii) An triantán **PQR** riachtanach a tharraingt san ingearchló … (3×1) ....................... **3**

(xviii) An fhíoruillinn idir an líne **PR** agus an líne treoíochta **S** a aimsiú ........................ **2**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló riachtanach an struchtúir pharabólóidigh hipearbólóidigh a tharraingt *(13)***

(i) An dronuilleog riachtanach chun an pharabóil a thógáil a tharraingt san ingearchló .......... **4**

(ii) Tógáil riachtanach le pointí ar an bparabóil san ingearchló a aimsiú .......... **4**

(iii) An cuar parabóileach a tharraingt san ingearchló .... (ceann ar bith = 1) .......... **3**

(iv) An t-ingearchló a chríochnú .......... **2**

**(b) Taobhchló na Parabóile Giniúna *(10)***

(v) Imlíne dhronuilleogach riachtanach don chuar ABC a bhunú .......... **3**

(vi) Tógáil chun pointí ar an bparabóil riachtanach a aimsiú .......... **4**

(vii) Cuar parabóileach a tharraingt ..... (Ceann ar bith = 1) .......... **3**

**(c) Bonnchló an struchtúir *(18)***

(viii) Pointí D, F A & C a aimsiú .......... **4**

(ix) Leithid ar an gcuar ar TLC a bhunú sa bhonnchló .......... **6**

(x) Na cuair chearta a tharraingt ar TLC sa bhonnchló ..... (Ceann ar bith = 1) .......... **3**

(xi) Leithid ar an gcuar ar TLD a bhunú sa bhonnchló .......... **2**

(xii) Cuar a tharraingt ar TLD sa bhonnchló ..... (Ceann ar bith = 1) .......... **3**

**(d) Fad ceartingearach idir líne PQ agus pointe R *(4)***

(xiii) An líne PQ a tharraingt san ingearchló agus sa bhonnchló .......... **2**

(xiv) Tógáil chun an fad ceartingearach riachtanach a aimsiú .......... **2**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-3

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló, Bonnchló agus Taobhchló *(15)***

(i) An t-ingearchló a tharraingt mar a thugtar .. (5×1) ........................................ **5**

(ii) An bonnchló a tharraingt mar a thugtar ........................................ **5**

(iii) An taobhchló a tharraingt mar a thugtar ........................................ **5**

**(b) Uillinn dhéhéidreach idir dromchlaí A agus B *(12)***

(iv) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe ........................................ **3**

(v) Teilgean dhromchlaí A agus B agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua ..................... **3**

(vi) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne thrasnaithe ........................................ **3**

(vii) Teilgean na ndromchlaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl............ **3**

**(c) Dromchlaí C agus B a fhorbairt *(7)***

(viii) Tógáil cheart le fíorchruth dhromchla ceartingearach **C** a aimsiú ......................... **2**

(ix) Tógáil cheart le fíorchruth dhromchla fiar **B** a aimsiú ........................................ **5**

**(d) Rianta cothrománacha agus ceartingearacha dhromchla B a aimsiú *(11)***

(x) Sainaithint cheart an riain chothrománaigh riachtanaigh ........................................ **2**

(xi) Tógáil le pointe a aimsiú ar an Rian Ceartingearach ........................................ **4**

(xii) An Rian Ceartingearach riachtanach a tharraingt ........................................ **5**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-4

**MARCANNA**

**(a) Léaráid Díláithriúcháin *(23)***

(i) Rannáin chothrománacha 15mm óna chéile ar an léaráid díláithriúcháin .............. **3**

(ii) Airde 90mm a bhunú ag eatramh 60° agus líne UV a tharraingt ........................... **3**

(iii) An líne 'fosaidh' chothrománach cheart a tharraingt ............................................ **2**

(iv) Tógáil leis an luasghéarú agus an luasmhoilliú aonfhoirmeach a aimsiú (7 ar a laghad, pointí deiridh san áireamh) go 30mm ............................. **9**

(v) Cuar UAR a tharraingt ... (ceann ar bith = 1) ....................................................... **3**

(vi) An líne UV riachtanach a tharraingt go 360° ....................................................... **3**

**(b) Trocóideach (22)**

(vii) An ciorcal agus líne AB a thugtar a tharraingt ..................................................... **3**

(viii) Líne 30º a tharraingt agus an frithchaiteoir sa suíomh tosaigh ............................... **2**

(ix) An frithchaiteoir a aimsiú sa suíomh ceart ........................................................... **2**

(x) 12 phointe a aimsiú ar an gcuar (2 phointe casaidh san áireamh) ....................... **12**

(xi) An trocóideach riachtanach a tharraingt ... (ceann ar bith = 1)............................... **3**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-5

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló Gearrtha *(45)***

***Cóimeáil (6)***

(i) Socrú na ngnéithe éagsúla i gcomhréir lena chéile ........ **6**

***Bonn (7)***

(ii) Imlíne dhronuilleogach ........ **4**

(iii) Sliotáin shorcóireacha ingearacha ........ **2**

(iv) Bonn rilífe ........ **1**

***Colúin Cheartingearacha (Ø16) (3)***

(v) Imlínte dronuilleogacha ........ **2**

(vi) Poill chiorclacha ........ **1**

***Crannóg Caife (6)***

(vii) Gearradh na Crannóige Caife a thugtar a tharraingt ........ **6**

***Diosca Meilte Íochtair (2)***

(viii) An imlíne riachtanach a tharraingt ........ **2**

***Cásáil Uachtair don Tiománaí agus clúdach Trédhearcach (7)***

(ix) Imlíne Chásáil Uachtair an Tiománaí agus an Chlúdaigh Thrédhearcaigh ........ **4**

(x) Mionsonraí Inmheánacha ........ **3**

***Fearsaidí Uachtair agus Ceartingearacha (líneálacha san áireamh) (5)***

(xi) Fearsaid Cheartingearach Líneáil ........ **2**

(xii) Fearsaid Uachtair agus dhá líneáil ........ **3**

***Cóin Frithchuimilte (2)***

(xiii) Cóin Chothrománacha agus Cheartingearacha ........ **2**

***Cóimeáil Hanla (3)***

(xiv) Cóimeáil Hanla a thugtar a tharraingt ........ **3**

***Líníocht a chríochnú***

(xv) Cur i láthair, haitseáil agus lárlínte ........ **4**


***Iomlán = 45***


## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an íomhá foirgneamh ilstórach atá suite in Chicago. Tá sraith de phainéil ghloine i dtosach an struchtúir. Taispeánann an líníocht na teilgin de thrí dhromchla gloine **abc**, **bcd** agus **cdp** atá cosúil leo.

**(a)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí **abc** agus **bcd**.

**(b)** Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló de líne chothrománach ar dhromchla **cdp** a théann tríd an bpointe **P.**
Aimsigh, agus scríobh síos i gcéimeanna, claonadh na líne seo leis an bplána ceartingearach.







**A-3.** Taispeánann an íomhá thíos foirgneamh atá bunaithe ar shraith de phriosmaí trasnacha.
Taispeánann an líníocht ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe de struchtúr cosúil leis ina bhfuil dhá phriosma atá ag treá a chéile. Ar an líníocht treánn priosma triantánach priosma peinteagánach neamhrialta a gearradh mar a thaispeántar.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló agus an bonnchló agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.

**(b)** Aimsigh fíorchruth an triantáin **abc**.







**A-2.** Taispeánann an íomhá thíos foirgneamh ***'AOL'*** atá suite i mBaile Átha Cliath. Is hipearbóil é an cuar. Taispeánann an líníocht ar dheis an ais **AA$_1$**, an treoirlíne **DD$_1$**, an fócas **F** agus an líne éalárnach **E** do hipearbóil dá leithéid. Taispeántar roinnt pointí ar an gcuar freisin.

**(a)** Aimsigh suíomh na rinne, cúig phointe eile ar an gcuar agus tarraing an chuid uachtarach den hipearbóil.

**(b)** Tarraing ciorcal a bheidh tadhlaíoch leis an treoirlíne agus a bheidh tadhlaíoch chomh maith leis an hipearbóil ag pointe **P**.








**A-4.** Taispeánann an líníocht ar dheis an bonnchló agus an líníocht pheirspictíochta pháirt-chríochnaithe den achar deiridh de pháirc imeartha CLG. Taispeántar na cuaillí freisin. Taispeántar suíomh dhá phointe téaltaithe sa líníocht pheirspictíochta.

**(a)** Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den achar deiridh den pháirc imeartha a thugtar.


**(b)** Aimsigh agus taispeáin fíor-airde iomlán an chuaille ingearaigh.










| | |
|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
| Scéim Mharcála | |
| Ceist B-1 | |
| Scála: n/a | Meith.2019 |





| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-2 | |
| | Scála: n/a | Meith.2019 |

| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist B-3 | |
| | Scála: n/a | Meith.2019 |







| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-1 | |
| Scála: n/a | Meith.2019 |






| | | |
|---|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-2 | |
| | Scála: n/a | Meith.2019 |





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-3 | |
| | Scála: n/a | Meith.2019 |

| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-4 | |
| | Scála: n/a | Meith.2019 |





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
| --- | --- |
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-5 |
| | Scála: n/a — Meith.2019 |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
# Tasc an Dalta - Ardleibhéal
# Bileog Mheasúnachta 2019

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| |

| Aschur | Critéir Mharcála | | | Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Taighde Dearaidh** - Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; Leagan amach éifeachtach & cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán de na critéir – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 2 | **Comparáid idir Ghnéithe Dearaidh -** Dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthoisí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 3 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |
| 4 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht agus comhaid eDrawings** | | | |
| | • **Cloí leis an struchtúr comhdúcháin riachtanach** | 4 | | |
| | • **Ar a laghad 5 chomhad de na páirteanna a chruthú** | 2 | | |
| | • **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; An phróifíl is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | 10 | | |
| | • **Cóimeáil** – Timpeallacht na cóimeála a chruthú; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt i gcrích | 5 | | |
| | • **Fachtóir Deacrachta** | 5 | | |
| | • **eDrawing den tsamhail CAD** | 2 | | |
| 5 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks -** Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 6 | **Léiriú Fótairéalaíoch** | | | |
| | Íomhánna fótairéalaíocha den déantán, arna cheapadh ar ríomhaire, a chur ar fáil | 7 | | |
| 7 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh -** Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an bhfaisnéis, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **21 - 25** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **16 - 20** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **11 - 15** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **6 - 10** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 5** | | |
| 8 | **Mionathrú/Coincheap Dearaidh a Chur i Láthair –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **9 - 10** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **7 - 8** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **5 - 6** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **3 - 4** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 2** | | |
| 9 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks –** Samhail CAD; Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á chur chun cinn; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | • **Scileanna CAD a chur in úsáid** | **5** | **5** | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | **5** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith<br>5 Marks Fachtóir Deacrachta | **9 - 12** | **15** | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta<br>15 Marks Aschuir chruachóipe | **5 - 8** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |
| **Fo-iomlán** | | **Déantar marcanna a dhealú i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | **Iomlán** | |